Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

An Bhruiséil, 11 Nollaig 2023
(OR. en)

**Comhaid Idirinstitiúideacha:**
**2023/0337(NLE)**
**2023/0338(NLE)**

**16456/23**
**ADD 1**

**LIMITE**

**ACP 127**
**WTO 191**
**COAFR 433**
**RELEX 1437**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 16239/1/23 REV 1 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 13532/23 + ADD 1-9 and 13540/23 + ADD 1-9 |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir Poblacht na Céinia, Comhalta de Chomhphobal na hAfraice Thoir, de pháirt, agus an tAontas Eorpach, den pháirt eile<br>– *Glacadh*<br>agus<br>Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir Poblacht na Céinia, Comhalta de Chomhphobal na hAfraice Thoir, de pháirt, agus an tAontas Eorpach, den pháirt eile<br>– *Iarraidh ar an toiliú ó Pharlaimint na hEorpa*<br>= Ráiteas ón gComhairle agus ón gCoimisiún |

## RÁITEAS LE hAGHAIDH MHIONTUAIRISCÍ NA COMHAIRLE

### Ráiteas ón gComhairle agus ón gCoimisiún

Meabhraíonn an Chomhairle agus an Coimisiún a thábhachtaí atá na forálacha (agus an raon feidhme a bhaineann leo) maidir le comhar eacnamaíoch agus forbartha a áirítear sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir Poblacht na Céinia, Comhalta de Chomhphobal na hAfraice Thoir, de pháirt, agus an tAontas Eorpach, den pháirt eile (an 'Comhaontú'). Athdhearbhaíonn siad a dtiomantas forálacha comhair uaillmhianacha a choinneáil i gcomhaontuithe dá samhail amach anseo, go háirithe comhaontuithe comhpháirtíochta eacnamaíche (CCEnna) le haon tríú tír nó grúpa tríú tíortha eile, toisc go mbíonn raon feidhme níos leithne ag CCEnna thar mar a bhíonn ag gnáth-Chomhaontuithe Saorthrádála. Dá bhrí sin, meabhraíonn siad go mbeidh gá le dlúthchomhlachas idir na Ballstáit chun an Comhaontú a chur chun feidhme go rathúil.

Sa chomhthéacs sin, cuireann an Chomhairle agus an Coimisiún i bhfios go láidir go bhfuil an bunús dlí a úsáidtear chun na Cinntí ón gComhairle a ghlacadh maidir le síniú agus tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, thar ceann an Aontais, gan dochar do chinneadh an bhunúis dlí i ndáil le haon chaibidlíocht a dhéanfar amach anseo le haghaidh comhaontuithe comhpháirtíochta eacnamaíche le haon tríú tír eile nó le haon ghrúpa eile de thríú tíortha, nó maidir lena síniú nó lena dtabhairt i gcrích.

Cuireann an Chomhairle agus an Coimisiún i bhfios go láidir go ndéanann an tAontas an Comhaontú a shíniú agus a thabhairt i gcrích d'fhonn é a thabhairt i bhfeidhm go pras agus go bhfuil sé gan dochar do roinnt na n-inniúlachtaí idir an tAontas agus a Bhallstáit i gcomhréir leis na Conarthaí. Dá réir sin, tá síniú agus tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe ag an Aontas amháin gan dochar do chineál dlíthiúil aon chomhaontuithe comhpháirtíochta eacnamaíche a bheidh ann amach anseo le haon tríú tír eile nó le haon ghrúpa tríú tíortha eile, comhaontú a chinnfear tar éis measúnú a dhéanamh ar na hinniúlachtaí eisiacha, ar na hinniúlachtaí náisiúnta agus ar na hinniúlachtaí comhroinnte, bíodh siad á bhfeidhmiú nó ná bíodh, lena mbaineann forálacha an chomhaontaithe.

Dá bhrí sin, tá síniú agus tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe ag an Aontas amháin gan dochar don fhéidearthacht go ndéanfaidh na Ballstáit, in éineacht leis an Aontas, comhaontuithe comhpháirtíochta eacnamaíche a shíniú agus a thabhairt i gcrích amach anseo le haon tríú tír eile nó le haon ghrúpa tríú tíortha eile.

PUBLIC